# Topaic 5: Caitheamh Aimsire

## Feidhmeanna

*San aonad seo foghlaimeoidh an rang conas:*

| | |
|---|---|
| 5.1 | ~ fiafraí de dhuine cad a dhéanann sé nuair a bhíonn am saor aige agus an cheist sin a fhreagairt |
| 5.2 | ~ ceist a chur ar dhuine an gcleachtaíonn sé caitheamh aimsire áirithe agus an cheist sin a fhreagairt |
| 5.3 | ~ fiafraí de dhuine an maith leis caitheamh aimsire áirithe agus an cheist sin a fhreagairt |
| 5.4 | ~ tuairimí a chur in iúl faoi chaitheamh aimsire |
| 5.5 | ~ a rá cén uair a dhéanann tú rudaí éagsúla |

## An ghramadach

*San aonad seo foghlaimeoidh an rang:*

- Ceisteanna agus freagraí san aimsir láithreach: ***An imríonn tú leadóg? Imrím/Ní imrím.***
- An chopail: ***Is fuath liom spórt.***
- An réamhfhocal **i** + an t-alt: ***sa pheil, sa cheol traidisiúnta***
- Dobhriathra ama: ***go minic, anois is arís, i gcónaí***

## Stór focal:

*San aonad seo foghlaimeoidh an rang:*

Caitheamh aimsire (+ caitheamh aimsire an fhoghlaimeora): ***amharclann, pictiúrlann, an teach tábhairne, dráma, scannán, ceolchoirm, an teilifís, clár, nuacht, scannán, an raidió, ceol, amhrán, spórt (snámh, leadóg, galf, rugbaí, siúl, peil. iomáint, sacar)***
Laethanta na seachtaine: ***Dé Luain, Dé Máirt, Dé Céadaoin, Déardaoin, Dé hAoine, Dé Sathairn, Dé Domhnaigh***

## Beidh an foghlaimeoir in ann…

| | |
|---|---|
| Labhairt | Tuairimí simplí a chur in iúl faoi chaitheamh aimsire agus a rá cén caitheamh aimsire a thaitníonn leis/léi. |
| Cluastuiscint | Ceisteanna simplí a bhaineann le caitheamh aimsire a thuiscint; a bheith in ann focail agus frásaí a thuiscint i gcomhrá faoi chaitheamh aimsire. |
| Léamhthuiscint | Ainmneacha caitheamh aimsire a aithint agus na príomhphointí a thuiscint i gcuntas scríofa ar imeacht. |
| Scríbhneoireacht | Cur síos simplí a scríobh faoin chaitheamh aimsire, a rá cad iad na cinn a thaitníonn agus nach dtaitníonn leis/léi. |


© OÉ Má Nuad

## 5.1 Fiafraí de dhuine cad a dhéanann sé/sí nuair a bhíonn am saor aige/aici agus an cheist sin a fhreagairt

**(A)** Múin an cheist seo a leanas (nó cibé leagan den fhoirm cheisteach atá sa cheantar nó agat féin) do na foghlaimeoirí

*Céard a dhéanann tú nuair a bhíonn am saor agat*?

- Tabhair cóip de **Bhileog 5.1 (A): Ag caint faoi chaitheamh aimsire** do gach duine sa rang nó déan cóip de le húsáid ar an osteilgeoir.
- Breathnaigh ar an stór focal ar dtús. Seans go mbeidh cuid den rang ábalta buille faoi thuairim a thabhairt faoi chiall na bhfocal.
- Ansin, dírigh aird na bhfoghlaimeoirí ar na briathra agus ar na struchtúir éagsúla go háirithe ar na réamhfhocail a úsáidtear le briathra faoi leith *éistim le/leis…breathnaím ar….*
- Abair leo go n-úsáidtear *chuig* go ginearálta nuair a bhíonn ócáid i gceist agus go n-úsáidtear *go dtí* nuair a bhíonn foirgneamh i gceist.
- Cuir an cheist thuas ar chúpla duine sa rang chun deis a thabhairt dóibh na struchtúir seo a chleachtadh. Ar ndóigh, má bhíonn caitheamh aimsire eile acu tabhair dóibh an stór focal cuí.



**(B) Gníomhaíocht: Cluastuiscint**

- Tabhair cóip de **Bhileog 5.1 (B): Caitheamh aimsire** do na foghlaimeoirí.
- Iarr orthu féachaint ar Chleachtadh A agus iarr orthu dul deiseal agus féachaint ar na gníomhaíochtaí ar an roth agus éisteacht leis na habairtí gearra ar an DD.
- Lig dóibh éisteacht leis an DD dhá nó trí huaire agus iad ag léamh ag an am céanna.
- Iarr orthu ansin féachaint ar Chleachtadh B agus éisteacht le ceithre agallamh ghearra ar an dlúthdhiosca. Ba cheart dóibh an ghníomhaíocht a chloiseann siad san agallamh a mheaitseáil leis an uimhir cheart ar an roth.

## 5.2 Ceist a chur ar dhuine an gcleachtaíonn sé/sí caitheamh aimsire áirithe agus an cheist sin a fhreagairt

**(A)** Mínigh don rang go mbeidh tú ag múineadh ceisteanna simplí san Aimsir Láithreach dóibh agus go múinfidh tú na freagraí dearfacha agus diúltacha ar na ceisteanna sin dóibh.

- Bíodh an méid seo thíos scríofa ar thréshoilseán agat roimh thús an ranga:

| | | | |
|---|---|---|---|
| *An imríonn tú* | *leadóg?* | *Imrím.* | *Ní imrím.* |
| *An bhféachann tú* | *ar an teilifís?* | *Féachaim.* | *Ní fhéachaim.* |
| *An dtéann tú* | *go dtí an phictiúrlann?* | *Téim.* | *Ní théim.* |
| *An éisteann tú* | *leis an raidió?* | *Éistim.* | *Ní éistim.* |
| *An seinneann tú gléas ceoil?* | | *Seinnim.* | *Ní sheinnim.* |

© OÉ Má Nuad

*An léann tú leabhair?* *Léim.* *Ní léim.*

- Déan go leor athrá agus cleachtadh ar na struchtúir thuas. Cuir na ceisteanna ar dhaoine éagsúla sa rang agus iarr orthu na ceisteanna a chur ar a chéile.
- Cuir ceist orthu cad a tharlaíonn nuair a chuirtear an fhoirm cheisteach *an* roimh an mbriathar. Cuir ceist orthu cad a tharlaíonn tar éis *ní*. Déan cinnte go dtuigeann siad go mbíonn séimhiú tar éis *ní* más féidir séimhiú a chur ar an fhocal.
- Cuir roinnt de na ceisteanna seo thíos ar na foghlaimeoirí arís. Tabhair cabhair dóibh má bhíonn deacrachtaí acu le fuaimniú na bhfreagraí.

*An éisteann tú le ceol?*
*An dtéann tú go dtí an phictiúrlann?*
*An imríonn tú peil?*

**(B) Gníomhaíocht: Caint**

- Mínigh don rang go mbeidh tú ag cur ceiste orthu faoi chaitheamh aimsire agus gur mhaith leat freagra fíor ar an cheist.
- Cuir ceist ansin ar fhoghlaimeoir amháin (an duine is fearr sa rang a bhfuil tú cinnte go mbeidh an freagra ceart aige/aici).
- Abair leis an duine sin ansin leanúint ar aghaidh agus ceist eile a chur faoi chaitheamh aimsire ar an duine in aice leis/léi agus mar sin ar aghaidh go dtí go mbeidh an deis ag gach duine labhairt.

**(C) Gníomhaíocht: Caint**

- Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna.
- Iarr ar gach duine sa rang smaoineamh ar cheann de na caitheamh aimsire a d'fhoghlaim siad níos luaithe ach gan é insint don duine in aice leo.
- Iarr orthu ansin ceisteanna a chur ar a chéile chun caitheamh aimsire an duine eile a thomhas.
- Léirigh an ghníomhaíocht ar dtús tré bheirt a roghnú. Mínigh go gcuirfidh duine amháin na ceisteanna ar tús agus nach mbeidh cead ag an duine eile ach freagra dearfach nó diúltach a thabhairt.

| | |
|---|---|
| *An imríonn tú X?* | *Imrím /Ní imrím* |
| *An bhféachann tú ar an teilifís?* | *Féachaim/Ní fhéachaim* |

- Nuair a bheidh an caitheamh aimsire aimsithe ag an duine amháin den bheirt, ba cheart dó/di ceisteanna a chur chun caitheamh aimsire an duine eile a thomhas.
- Le linn dóibh a bheith ag caint, téigh thart ag éisteacht leo. Ceartaigh aon bhotún a chloiseann tú ag deireadh na gníomhaíochta.

**(D) Gníomhaíocht: Bileog 5.2 (D): Suirbhé Caint/léamhthuiscint**

© OÉ Má Nuad

- Tabhair cóip de **Bhileog 5.3 (D) Suirbhé**, do gach foghlaimeoir.
- Cuir na foghlaimeoirí ag obair i ngrúpaí de cheathrar.
- Abair leo go mbeidh siad ag cur na gceisteanna sa suirbhé ar an triúr eile sa ghrúpa leo. Ba cheart dóibh tic a chur sna boscaí cuí i gCuid A den bhileog.
- Nuair a bheas an méid sin déanta acu ba cheart dóibh cúpla abairt a scríobh faoi gach duine. Léigh na samplaí i gCuid B den bhileog leo lena chinntiú go dtuigeann siad cad é atá le déanamh.
- Le linn dóibh a bheith ag caint, téigh thart ag éisteacht leo.
- Ag deireadh na gníomhaíochta, tabhair an deis do chuid de na foghlaimeoirí na habairtí ag bun na bileoige a léamh amach.

## 5.3 Fiafraí de dhuine an maith leis/léi caitheamh aimsire áirithe agus an cheist sin a fhreagairt

- Múin an cheist agus na freagraí seo leanas don rang. Cuir na ceisteanna ar chúpla duine de na foghlaimeoirí.

| | |
|---|---|
| *An maith leat ceol traidisiúnta/galf/sacar?* | *Is maith*<br>*Ní maith.*<br>*Is breá liom é.*<br>*Is fuath liom é* |

## 5.4 Tuairimí a chur in iúl faoi chaitheamh aimsire

**(A)** Cuir na habairtí seo a leanas i láthair na bhfoghlaimeoirí agus déan athrá orthu:

*Is breá liom leadóg*
*Is fuath liom spórt.*
*Ní maith liom dul go dtí na tithe tábhairne.*
*Níl suim dá laghad agam sa cheol traidisiúnta*

**(B)** Cuir i gcuimhne dóibh go gcuirtear séimhiú ar an ainmfhocal i ndiaidh an réamhfhocail *sa* (más féidir) agus iarr orthusan roinnt samplaí a chur ar fáil.

Samplaí: *sa cheol*
*sa ghalf*
*sa pheil*



**(C) Gníomhaíocht: Cluastuiscint**

- Tabhair cóip de **Bhileog 5.4 (C): Tuairimí** do gach duine sa rang.
- Abair leo go gcloisfidh siad ceathrar ag tabhairt a dtuairimí faoi chineálacha éagsúla caithimh aimsire.
- Tarraing aird na bhfoghlaimeoirí ar na siombail ag bun na bileoige agus déan cinnte do dtuigeann siad cad atá le déanamh acu.
- Seinn an dlúthdhiosca trí huaire ar a laghad. Stop é i ndiaidh gach cainteora más rud é go mbíonn deacrachtaí acu leis an ghníomhaíocht.

© OÉ Má Nuad

- Agus tú ag ceartú na gníomhaíochta, iarr ar cheathrar sa rang cur síos gairid a thabhairt ar na tuairimí a nocht Niamh, Liam, Clár, agus Seán.
- Agus tú ag ceartú na gníomhaíochta, d'fhéadfá aird na bhfoghlaimeoirí a tharraingt ar na nathanna seo leanas a bhí le cloisteáil ar an dlúthdhiosca. An dtuigeann aon duine de na foghlaimeoirí an chiall atá leo?


*go háirithe*
*ag an deireadh seachtaine*
*sa samhradh*
*i rith na seachtaine*
*go minic*

---



**(D) Gníomhaíocht: Cluastuiscint**

- Tabhair cóip de **Bhileog 5.4 (D): Tuairimí Eile** do gach duine sa rang. Abair leo go gcloisfidh siad ceathrar ag tabhairt a dtuairimí faoi chineálacha éagsúla caithimh aimsire.
- Tarraing aird na bhfoghlaimeoirí ar na focail ag bun na bileoige agus léigh na focail os ard. Léigh na treoracha ag barr na bileoige lena chinntiú go dtuigeann siad cad atá le déanamh acu.
- Seinn an dlúthdhiosca trí huaire ar a laghad. Stop é i ndiaidh gach cainteora más rud é go mbíonn deacrachtaí acu leis an ghníomhaíocht nó má bhíonn am ag teastáil uathu le focail a scríobh isteach sa bhearna.
- Agus tú ag ceartú na gníomhaíochta, iarr ar cheathrar sa rang cur síos a thabhairt don chuid eile den rang ar na tuairimí a nocht Pádraig, Caitríona, Pól agus Eibhlín.



**(E) Gníomhaíocht: Caint**

- Bíodh na habairtí/nathanna seo a leanas scríofa ar thréshoilseán agat roimh thús an ranga:

*Is maith liom…*
*Is breá liom…*
*Is fearr liom…*
*Ní maith liom…*
*Is fuath liom…*
*Níl suim dá laghad agam i/sa…*

- Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna.
- Iarr orthu labhairt leis an duine in aice leo agus abairtí a chur le chéile a mbeadh na nathanna thuas sin mar thús leo. Mínigh dóibh gur féidir leo an stór focal a d'fhoghlaim siad sa Topaic seo nó aon stór focal eile atá oiriúnach a úsáid. Abair go mbeidh tú ar fáil le linn na gníomhaíochta le focail nach bhfuil ar eolas acu a chur ar fáil dóibh
- I ndiaidh cúpla bomaite iarr ar chuid acu na habairtí a chum siad a rá os ard.

© OÉ Má Nuad

- Ag deireadh na gníomhaíochta, tabhair aon fhocal nua a tháinig chun cinn le linn na gníomhaíochta don rang ar fad. Ceartaigh aon bhotún a rinne siad le linn na gníomhaíochta.

## 5.5 Ag rá cén uair a dhéanann tú rudaí éagsúla

**(A)** Múin laethanta na seachtaine ag an phointe seo. Déan athrá orthu ar feadh tamaill ag díriú go háirithe ar na fuaimeanna.

*Dé Luain*
*Dé Máirt*
*Dé Céadaoin*
*Déardaoin*
*Dé hAoine*
*Dé Sathairn*
*Dé Domhnaigh*


---

**(B)** Múin na nathanna ama seo dóibh:

*go minic*
*i gcónaí*
*anois is arís*
*de ghnáth*

**(C)** Léirigh dóibh an chaoi anois le habairtí a chur le chéile. D'fhéadfá an méid seo a leanas a bheith scríofa ar thréshoilseán agat roimh thús an ranga.

| | | | |
|---|---|---|---|
| *Imrím* | *sacar* | *de ghnáth* | *Dé Máirt.* |
| *Téim* | *chuig scannán* | *i gcónaí* | *Dé Domhnaigh.* |
| *Imrím* | *peil* | *anois is arís* | *Dé Sathairn.* |
| *Breathnaím* | *ar an teilifís* | *go minic* | *Dé hAoine.* |
| *Imrím* | *leadóg* | *gach* | *Déardaoin.* |


**(D) Gníomhaíocht: Caint**

- Múin an cheist seo a leanas (nó cibé leagan atá in úsáid agat) dóibh roimh ré:


  *Céard a dhéanann tú Dé Luain?*
  *Céard a dhéanann tú gach deireadh seachtaine?*
  *Céard a dhéanann tusa gach deireadh seachtaine?*

- Cuir na foghlaimeoirí ag obair i ngrúpaí de thriúr.
- Iarr orthu ceisteanna a chur ar a chéile chun a fháil amach cad é mar a chaitheann na daoine ina ngrúpa an tseachtain de ghnáth.
- Déan thusa an ghníomhaíocht a léiriú le roinnt de na foghlaimeoirí ar dtús:

*Foghlaimeoir:* *Céard a dhéanann tú gach deireadh seachtaine?*


© OÉ Má Nuad

*Múinteoir:* *Bhuel, téim go dtí an teach tábhairne gach Dé hAoine. Go minic imrím leadóg Dé Sathairn agus téim go dtí an phictiúrlann nó an amharclann de ghnáth Dé Domhnaigh.*




**(E) Gníomhaíocht: Léamhthuiscint**

- Tabhair cóip de **Bhileog 5.5 (E): Máire agus Cathal ag caint**, do gach foghlaimeoir.
- Cuir ag obair i mbeirteanna iad agus léigh na treoracha ag barr na bileoige leis an rang ar fad.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht ansin. Iarr ar fhoghlaimeoirí éagsúla na freagraí a thabhairt duit.

- **(F) Gníomhaíocht: Scríbhneoireacht**
- Tabhair cóip de **Bhileog 5.5 (F) Ríomhphost ó Aoife**, do gach duine sa rang.
- Cuir ag obair i mbeirteanna iad. Mínigh an scenario don rang agus léigh na treoracha chun go dtuigfidh siad cad é go díreach atá le déanamh acu.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht leo ansin. Lig d'fhoghlaimeoirí éagsúla na freagraí a thabhairt.
- Mínigh an cúpla nath úr atá sa ríomhphost ach ná caith barraíocht ama orthu.

*Tá an t-ádh orm.*
*Mar atá a fhios agat.*
*Is cuma*
*Cuir glaoch orm!*
*Tcífidh mé*



**5.5 (G) Gníomhaíocht: Foghraíocht: *'l'* leathan agus *'l'* caol**

- Mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag díriú ar fhocail agus nathanna a bhí sa topaic seo chun feabhas a chur ar fhuaimniú fuaimeanna áirithe.
- Scríobh na focail thíos ar an chlár. Iarr orthu éisteacht le fuaimniú na bhfocal ar an dlúthdhiosca (***CUID A***) nó is féidir leat féin iad a rá ós ard:

*leadóg, teilifís, peil, éist le*
*ceol, Luan, pictiúrlann, amharclann, clár, siúl*


- Abair leis an rang ansin gur mhaith leat go n-éistfidís le fuaim an *'l'* i gcás gach focal. Cuir ar siúl an dlúthdhiosca nó abair féin na focail arís.
- Cuir ceist orthu cad a thugann an rang faoi deara.
- Éist leis na freagraí agus ansin mínigh dóibh go bhfuil dhá fhuaim ag an litir '*l*' sa Ghaeilge, *'l'* leathan agus *'l'* caol agus go mbraitheann fuaim an *'l'* ar an ghuta a bhíonn roimh nó i ndiaidh an *'l'*.
- Fiafraigh dóibh cad iad na gutaí leathana agus cad iad na gutaí caola.

© OÉ Má Nuad

- Cuir i gcuimhne dóibh gurb iad *'a'*, *'o'* agus *'u'* na gutaí leathana agus *'i'* agus *'e'* na gutaí caola.
- Abair/seinn na focail arís.
- Iarr ar an rang na focail a rá i do dhiaidh
- Seinn an dlúthdhiosca arís agus stop é i ndiaidh gach focail agus iarr ar fhoghlaimeoirí éagsúla an focal a dúradh ar an dlúthdhiosca a athrá agus cinntigh go bhfuil siad ag fuaimniú na bhfocal i gceart.
- Abair leo go seinnfidh tú an dlúthdhiosca arís (***CUID B***) agus iarr orthu éisteacht go cúramach an t-am seo leis na fuaimeanna '*l*' in abairtí.

*Imrím leadóg.*
*Féachaim ar an teilifís*
*Imrím peil*
*Éistim le ceol.*
*Téim go dtí an phictiúrlann.*
*Téim go dtí an amharclann.*
*Téim ag siúl.*
*Is maith liom an clár sin.*

- Abair leo go seinnfidh tú an dlúthdhiosca arís ach an uair seo go bhfuil sos i ndiaidh gach abairte chun an deis a thabhairt dóibhsean an abairt a rá.

**(H) Gníomhaíocht: Scríbhneoireacht**

- Tabhair cóip de **Bhileog 5.5 (H): Bearnaí**, do gach foghlaimeoir.
- Iarr orthu na bearnaí sna habairtí a líonadh le focal oiriúnach.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht ansin – lig do na foghlaimeoirí na freagraí a thabhairt.

© OÉ Má Nuad